

na.
Lá
dú
ch
is
n
a

Alt Samplach 4: Todhchaí na Gaeilge

Plean

- **Tús:** Cad is fiú an Ghaeilge?
- **Corp:** Alt 1. Oidhreacht agus céim síos
 - Alt 2. Athbheochan
 - Alt 3. Daoine sa saol poiblí
 - Alt 4. An teanga agus an cultúr
 - Alt 5. An Ghaeilge ar an idirlion
 - Alt 6. Gaelscoileanna
 - Alt 7. Dóchas
- **Críoch:** Seanfhocal.

Alt lomlán

TODHCHAÍ NA GAEILGE

alt 1

Cad is fiú an Ghaeilge? Cén fáth a bhfuil sí éigeantach sna scoileanna? Ní oireann sí don tsochaí nua-aimseartha seo ina bhfuil béim ar an ollchultúracht. Cén fáth nach ligfí le failí í leis an gcuid eile den aimsir chaithe? Ansín, is féidir linn aghaidh a thabhairt ar an todhchaí gan aon cheangail a bheith againn le teanga seanaimseartha.

Go pearsanta, ní aontaím leis na hargóintí sin in aon chor. Creidim gur cuid dár n-oidhreacht í an Ghaeilge agus go bhfuil sí fós i mbarr a sláinte sa tír seo.

Tá stair fhada chasta ag baint leis an nGaeilge. Teanga ársa is ea í a bhfuil litríocht scriofa aici ag dul siar go dtí an séú haois. Bhí sí á labhairt go forleathan sa tír seo go dtí lár an naoú céad déag nuair a chuir an buille ba thubaistí a thit ar an gcine Gaelach brú mór ar a stadas mar theanga choitianta na ndaoine. Réab an Gorta Mór an tír i lar na naoú haoise, déag agus cailleadh na milliún daointe de bharr an ocras. Chuaigh thart ar mhiliún ar imirce chun saol níos fearr a bhaint amach dóibh féin agus is beag úsáid a d'fhéadfaidís a bhaint as an nGaeilge i Londain, Nua Eabhrac nó Sydney. Ina dhiaidh sin, ceanglaiodh an Ghaeilge le bochtaineacht agus bhí fonn mór ar thuismitheoirí go mbeadh Béarla ag a bpáistí ionas go mbeidís ábalta dul i ngleic leis an saol Béarla lárnach a bhí timpeall orthu.

Rinne Conradh na Gaeilge (1893) gach iarracht í a athbheochan mar theanga labhartha agus d'éisigh leo go pointe áirithe suim a chothú sa teanga. Sa bhliain 1922, ardaíodh stádas na Gaeilge nuair a rinne an rialtas dúchasaigh teanga éigeantach dí ar shiollabas na scoileanna. Tá daoinne fós idir dhá chomhairle faoi seo. Tá dream amháin a déarfadh gur cothaiodh grán don Ghaeilge. Tá dream eile a chreideann nach mbeadh an Ghaeilge ar marthain fós murach an feachtas seo.

I láthair na huaire, is í an Ghaeilge teanga náisiúnta na tíre seo agus le deanaí déanann polaiteoirí éagsúla iarracht pé Gaeilge a bhíonn acu a labhairt. Ní leor an "cúpla focal" ar nós "A Dhaoine Uaisle" a úsáid ag tú óráide agus leanúint leis an mBéarla ansin. Má bhíonn Gaeilge ag daoine sa saol poiblí agus má bhaintear úsáid aisti, tugtar tacáiocht don teanga.

Is í an Ghaeilge a idirdhealaíonn muintir na hÉireann ó gach cine agus ó gach cultúr eile.



Is cuid dár bhféiniúlacht í agus is cuid dár n-ionraiceas í chomh maith. Is cuid lárnach dár gcultúr í agus treisíonn sí ár n-iomhá mar náisiún neamhspleách.

Alt 4

Ní féidir a rá nach bhfuil aít ag an nGaeilge i saol an lae inniu. Tá cultúr saibhir againn sa tir seo. Tá an cultúr fite fuaite le teanga na Gaeilge, le ceol, le rince, le litríocht, le miotaseolaíocht agus laochra. Tá muintir na hÉireann an-bhródúil as an gcultúr agus teastaíonn uathu é a chaomhnú. Féach ar na sluaite a théann go dtí an tOireachtas, féile mhór na Gaeilge, chuile bhliaín. Bónn níos mó ná muintir na Gaeltachta ag éisteacht le raidió na Gaeltachta agus ag féachaint ar TG4. Tá daoine óga galánta (ag cur na gcláracha i láthair ar TG4) ar nós Ghraíinne Seoighe agus Páidi Ó Lionáird gan trácht ar Hector craiceáilte.

Alt 5

Tá neart gréasán ar an idirlion atá ag freagairt ar phobal labhartha na Gaeilge. Tá cursaí ollscoile inar féidir le daltaí an cursa léinn ar fad a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, cuir i gcás, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil na Gaillimhe ina measc. Tá éileamh mór ar an nGaeilge i Meiriceá agus teastaíonn ó dhaoine de bhunadh Éireannach filleadh ar a bhfreámhacha agus í a fhoghlaim. Má dhéantar cuardach ar an idirlion, bionn sé soiléir go mbionn ranganna Gaeilge ar siúl ó Boston go California.

Alt 6

Is fás aon oiche é fás na nGaelscoileanna ag an mbunleibhéil sa tir seo. Gach bliain, osclaítear Gaelscoil nua atá ag freastal ar éileamh na dtuistí i gceantair ó Luimneach go Dún na nGall. Mura mbeadh an Ghaeilge in oiriúint do shaol an lae inniu, cén fáth a mbeadh oideachas trí Ghaeilge ag teastáil ó na daoine seo? As seo amach, tá gach cuma ar an scéal go mbeidh éileamh ar oideachas trí mheán na Gaeilge ag an dara leibhéil chun leanúnachas na teanga a chaomhnú.

Alt 7

Táim dóchasach faoi thodhcháí na Gaeilge. Ní féidir a shéanadh go bhfuil éileamh mór uirthi in ainneoin lucht a cáinte. Tá corp na teanga fós sláintíúil agus croí na teanga ag bualadh go ládir agus, le cúnamh Dé beidh fás agus borradh uirthi sa todhchaí.

Mar a deir an seanfhocal "Tír gan teanga, tír gan anam." Ní dóigh liom go bhfuil anam na tire i mbaol go fóill!

Gluais

Éigeantach – compulsory
 Ollchultúracht – multiculturalism
 Is cuid dár n-oidhreacht í –
It is part of our heritage
 Teanga ársa – ancient language
 Cine Gaelach – Gaelic race
 Ionas go – so that

Siollabas – syllabus
 Féiniúlacht – identity
 An-bhródúil – very proud
 Filleadh ar a bhfreámhacha –
return to their roots
 Dóchasach – optimistic
 Éileamh – demand